# Achoimre feidhmiúcháin ar Chlár Oibre ÚBE 2026

1. Roimh an 30 Meán Fómhair gach bliain, glacfaidh Bord Maoirseoirí ÚBE – ar bhonn togra ón mBord Bainistíochta – clár oibre an Údaráis don bhliain dár gcionn, agus tarchuirfidh sé an fhaisnéis chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún (Airteagal 43 de Rialachán ÚBE).

2. Leagtar amach sa doiciméad seo clár oibre ÚBE in 2026. Eascraíonn cúraimí an údaráis as an Rialachán lena mbunaítear é agus as reachtaíocht shonrach de chuid an Aontais araon. D'fhormheas an Bord Maoirseoirí an chéad leagan den Chlár Oibre seo i mí Eanáir 2025 mar chuid de dhréachtdoiciméad clársceidealaithe aonair (SPD) an Údaráis do na blianta 2026-2028 ina leagtar síos a thosaíochtaí agus a acmhainní don tréimhse iomlán sin. Táthar tar éis é a bheachtú d'fhonn a léiriú forbairtí atá déanta ó shin i leith, tuairim an Choimisiúin Eorpaigh (CE) maidir leis an dréacht-SPD, agus treoir a fuarthas ó choiste comhairleach ÚBE i dtaca le prionsabal na comhréireachta (ACP) i mí an Mheithimh 2025.

3. Beidh an bhliain 2026 ina garsprioc thábhachtach i stair ÚBE. I dteannta le leanúint dá obair thraidisiúnta forbartha beartais, chóineasaithe agus anailíse riosca, cuirfidh an tÚdarás borradh faoi fheidhmeanna formhaoirseachta agus maoirseachta a eascróidh as freagrachtaí nua ar sholáthraithe criticiúla tríú páirtí (DORA), ar eisitheoirí cripteashócmhainní (MICA), agus ar úsáid samhlacha éarlaise tosaigh (EMIR). Ar an taobh eile, beifear tar éis na freagrachtaí AML/CFT atá de chúram air ó 2020 i leith a aistriú chuig AMLA.

4. I bhfianaise an méid sin, beidh obair ÚBE in 2026 bunaithe ar thrí thosaíocht: i) leabhar rialacha a fhorbairt a rannchuideoidh le margadh aonair atá éifeachtúil, athléimneach agus inbhuanaithe; ii) measúnuithe riosca a dhéanamh le huirlisí, le sonraí agus le modheolaíochtaí a thacaíonn le hanailís, formhaoirseacht agus maoirseacht éifeachtach; iii) dul i ngleic leis an nuálaíocht chun cumas teicneolaíoch na ngeallsealbhóirí uile a fheabhsú.

5. I gcomhréir le toradh phléití an Bhoird Maoirseoirí in 2025, comhlíonfaidh ÚBE a dhualgais d'fhonn simplíocht agus éifeachtúlacht an chreata rialála agus maoirseachta do bhainc agus d'eintitis airgeadais san Aontas a neartú. Is éard a bheidh i gceist leis sin tionscnaimh shonracha i réimsí tháirgí rialála Leibhéal 2 agus 3, an costas tuairiscithe do ghnólachtaí airgeadais, socruithe oibre an Údaráis, chomh maith lena rannchuidiú le creat rialála stuamachta foriomlán an Aontais.[1]

[1] Tá sé sin i gcomhréir le Tuarascáil ÚBE maidir le héifeachtúlacht an chreata rialála agus maoirseachta a d'fhorbair an Tascfhórsa um Éifeachtúlacht (TFE). Sainaithnítear réimsí oibre, sainorduithe nó cúraimí a mbíonn tionchar ag na moltaí orthu nó a dtugtar aghaidh orthu le tagairt do TFE.

6. Agus é ag leanúint dá iarrachtaí leanúnacha chun sineirgí a bhaint amach agus éifeachtúlacht a mhéadú, déanfaidh ÚBE a chuid oibre a struchtúrú thart ar sheacht ngníomhaíocht uileghabhálacha: 1) forbairt beartais; 2) cóineasú maoirseachta; 3) anailís riosca agus cobhsaíochta airgeadais; 4) formhaoirseacht agus maoirseacht; 5) sonraí; 6) rialachas; agus 7) oibríochtaí. Tá Clár Oibre ÚBE solúbtha i gcónaí, ar ndóigh, agus is féidir é a choigeartú de réir imthosca a d'fhéadfadh teacht chun cinn.

7. I Roinn 1 pléitear tosaíochtaí agus réimsí fócais ÚBE in 2026. I Roinn 2 tugtar liosta mionsonraithe de tháirgí insoláthartha le haghaidh gach ceann de na seacht bpríomhghníomhaíocht agus léiriú ar an uainiú lena bhfuiltear ag súil lena seachadadh. Tá gach gníomhaíocht nasctha leis na tosaíochtaí uileghabhálacha, agus cuspóirí, tuairiscí agus liosta de na príomh-aschuir ag gabháil le gach ceann acu. Tá cairt eagrúcháin an Údaráis, leithdháileadh acmhainní in aghaidh na gníomhaíochta, agus tosaíochtaí d'údaráis stuamachta agus réitigh – mar aon lena phlean gníomhaíochta athbhreithnithe piaraí – le fáil sna hiarscríbhinní.